

## **Tá ríthábhacht le hiontaoibh a bheith ann chun ceartas coiriúil éifeachtach trasteorann a sholáthar**

**Is annamh a agraítear rialacha de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) atá riachtanach chun iontaoibh a chothú as réimse ceartais AE. D'fhéadfadh sé sin bac a chur ar chóir chothrom a chur ar dhaoine is ábhar d'imeachtaí coiriúla. In dhá thuarascáil nua ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), tairgtear treoir mhionsonraithe d'AE agus dá Bhallstáit chun éifeachtacht an chórais cheartais choiriúil a mhéadú.**

*"Cuid dhílis de chórais cheartais chothroma is ea cosaint a thabhairt do na cearta atá ag daoine is ábhar d'imeachtaí coiriúla,"* dar le [Michael O'Flaherty](#), Stiúrthóir FRA. *"Má táimid chun ceartas a chinntiú thar theorainneacha, is gá dúinn iontaoibh a mhéadú idir údarais bhreithiúnacha náisiúnta. Tá sé sin ar an aon bhealach amháin inar féidir linn a chinntiú go gcuirfear cóir chothrom ar dhaoine."*

Déantar scrúdú sna tuarascálacha ar dhlíthe AE agus ar an dóigh a dtéann úsáid na ndlíthe sin i gcomhthéacsanna éagsúla náisiúnta i bhfeidhm ar dhaoine aonair le linn imeachtaí coiriúla agus le linn pionós a ghearradh orthu, roimh an triail agus ina diaidh. Léirítear sna tuarascálacha freisin an dóigh ar féidir le cosaint ceart iontaoibh a mhéadú idir na Ballstáit i gcásanna trasteorann agus an dóigh ar féidir dlíthe AE a úsáid chun feabhas suntasach a chur ar fheidhmiú ceart bunúsach in AE.

Sa tuarascáil [Rights of suspected and accused persons across the EU: translation, interpretation and information \(Cearta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe ar fud AE: aistriúchán, ateangaireacht agus faisnéis\)](#), déantar scrúdú ar an gceart atá ag daoine faoi dhrochamhras agus ag daoine cúisithe chun faisnéise agus aistriúcháin agus ar an gceart atá acu chun ateangaireachta. Cinntíonn na cearta sin rannpháirtíocht éifeachtach in imeachtaí coiriúla agus cothroime fhoriomlán le linn na trialach, is cuma cén áit in AE a bhíonn na himeachtaí ar siúl.

Sa tuarascáil [Criminal detention and alternatives in the EU: fundamental rights aspects in pre- and post-trial cross-border transfer procedures](#) (Coinneáil choiriúil agus roghanna eile in AE: gnéithe ceart bunúsach de nósanna imeachta um aistriú trasteorann roimh an triail agus ina diaidh), déantar scrúdú ar choinneáil choiriúil agus ar roghanna eile a bhaineann le haistrithe trasteorann. Bíonn aithint fhrithpháirteach den sórt sin idir na Ballstáit ag brath ar iontaoibh, ar rud é féin a bhíonn ag brath go mór ar chearta bunúsacha. Mar shampla, is mar rogha dheiridh amháin ba cheart coinneáil a úsáid agus ba cheart, i gcomhréir le caighdeáin chearta an duine, leas méadaithe a bhaint as roghanna eile. Ní hé amháin go gcabhraíonn siad leis an bpróiseas athimeasctha, is minic a bhíonn na roghanna eile níos saoire ná coinneáil freisin.

Tugtar faoi deara sa dá thuarascáil gur cheart breithniú a dhéanamh le linn imeachtaí coiriúla ar na riachtanais shonracha atá ag daoine faoi mhíchumas nó ag leanáil freisin, i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta chearta an duine. Áirítear leis sin faisnéis inrochtana a chur ar fáil faoi chearta aonair agus a chinntiú go n-aistrítear daoine chuig áiteanna ina bhfuil dálaí leordhóthanacha coinneála.

**Le haghaidh tuilleadh faisnéise, déan teagmháil le:** [media@fra.europa.eu](mailto:media@fra.europa.eu)

Teil.: +43 1 580 30 642

**Nótaí d'eagarthóirí:**

- Cuireann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) comhairle fhianaisebhunaithe ar fáil do chinneadóirí AE agus náisiúnta, áit a gcuireann sí le díospóireachtaí agus beartais níos eolaí agus níos spriocdhírithe a sholáthar ar chearta bunúsacha.
- Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar líne faoin obair a dhéanann an Ghníomhaireacht maidir le [rochtain ar cheartas](#).
- Seolfar an dá thuarascáil le linn [ócáid de chuid FRA-Uachtaránacht na Slóvaice ar AE](#) maidir le ceartas trasteorann do chách, rud a bheidh ar siúl ar an mBratasláiv idir an 9 agus an 10 Samhain.